

Scoil Mhuire Maigh Cuilinn

Polasaí Obair Bhaile

Homework Policy

Polasaí Obair Bhaile Scoil Mhuire

Réamhra

Is é seo an polasaí atá ag Scoil Mhuire, Maigh Cuilinn maidir le hobair bhaile. Tá an polasaí seo ar fáil do thuismitheoirí i lámhleabhar na scoile agus ar shuíomh idirlíne na scoile.

Beidh príomhoide na scoile lán sásta aon ghné den pholasaí a shoiléiriú do thuismitheoirí.

Athbhreithniú an Pholasaithe

Cuireadh an polasaí seo le chéile chun tuairim na scoile maidir le hobair bhaile a sholéiriú do thuismitheoirí, do pháistí agus do mhuinteoirí na scoile Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo le deireanaí toisc:

- gur mhothaigh foireann múinteoireachta na scoile gur cheart é seo a dhéanamh chun go mbeadh sé ar aon aigne leis an gcuraclam nua.
- gur cheap na muinteoirí gur cheart don pholasaí a bheith níos soiléire do thuismitheoirí ar chupla gnéithe airithe
- gur cheap thuismitheoirí airithe go raibh paistí ag caitheamh an iomarca ama ag déanamh obair bhaile.

Forbairt an Pholasaithe

Seo mar a rinneadh forbairt ar pholasaí obair bhaile na scoile. Is trí na céimeanna seo a chuireadh an polasaí nua le chéile:

- Tugadh deis do thuismitheoirí na scoile a gcuid smaointí a chur ós cómhair an choiste maidir le sean-pholasaí na scoile.
- Phlé na muinteoirí an cheist leis na paistí chun go mbraithfidis go raibh said ag glacadh páirt gníomhach sa phroiséis
- Ag cruinnithe foirne, bhí deis ag muinteoirí na scoile an cheist a phlé. agus a dtuairimí ó thaobh obair bhaile de a chur in iul.
- Cuireadh le chéile dréacht den pholasaí agus cuireadh ós cómhair thuismitheoirí agus muinteoirí na scoile é.
- Leasaíodh an polasaí agus cuireadh ós cómhair Bóird Bainistíochta na scoile é le haghaidh daingniú.

Cuspoirí

Is é seo a leanas cuspoir na scoile.

Déanann foireann na scoile seo tréan-iarracht atmasféar foghlama a chruthú atá suaimhneach, sabháilte, taithneamhach agus smachtaithe, a dhéanann freastal ar fhorbairt phearsanta, shóisialta, intleachtach móralta agus spioradalta gach páiste. Is mian linn a chur ar chumas gach páiste a uas mhianach a bhaint amach, a bheith féinmhuineach agus forbairt mar dhuine chumasach, stuama agus mar shaoránach fhreagrach.

Cuireadh polasaí obair bhaile na scoile le chéile i spioraid an chuspóra seo.

Aidhmeanna an Pholasaithe

Is iad aidhmeanna ginearalta an pholasaithe ó thaobh obair bhaile de ná:

- go gcuirfidh obair bhaile le dul chun cinn agus oideachais an pháiste
- do ndaingneoidh se obair atá déanta ar scoil i rith an lae
- go gcothóidh se scileanna staidéir sna paistí
- go mbeidh córas leanunach i bhfeidhm sa scoil
- go gcuirfí leis an ceangal idir an bhaile agus an scoil

Ceard iad na buntaistí ata ag baint le hobair bhaile?

Cuidionn obair bhaile le paistí:

- obair an lae a dhaingniú
- scileanna staidéir agus form oibre a fhorbairt
- a bheith ag obair go neamhsplách

Tugann obair bhaile deis do thuismitheoirí:

- páirt gníomhach a ghlacadh in oideachas a bpaistí
- súil a choinneáil ar dul chun cinn a bpaistí
- deacrachtaí foghlama a aithint chun go mbeidís in ann dul i dteangabháil leis an múinteoir le haghaidh iad seo a réiteach

Tugann obair bhaile deis do mhúinteoirí:

- measunú a dheanamh ar dul chun cinn an pháiste
- deacrachtaí foghlama a aithint.

Ní thugtar obair bhaile do pháistí don deireadh seachtaine ach sna cásanna seo a leanas:

- Nuair nach raibh obair bhaile déanta ag páiste i rith na seachtaine
- Páistí ag tabhairt faoi thionscnaimh nó obair phraicticiúil eicint

Ó am go ham tabharfaidh príomhoide na scoile nó an múinteoir ranga trathnóna saor ó obair bhaile do pháistí mar luach saothair nó ar ócáid speisialta.

Is féidir córas a bheith ag muinteoir ina s(h)eomra gur feidir le páistí an ranga roinnt ama saor ó obair bhaile a thuilleadh trí obair mhaith nó trí obair bhreise a dhéanamh nó trí dhul chun cinn a dhéanamh ó thaobh cursaí smachta de.

Cé mhéid ama gur cheart do pháistí a bheith ag caitheamh ar obair bhaile?

Ba cheart go mbéadh páiste tabhairt faoin obair bhaile go muiníneach agus go mbéadh sé/í in ann iarracht réasunta a dhéanamh.

Ní cheart go mbeadh an páiste gafa go minic ná go mbeadh drochmhisneach ag teacht air/uirthi ó thaobh obair bhaile de.

Ní cheart go mbéadh an páiste ag caitheamh an iomarca ama ar obair bhaile. Ba cheart do thuismitheoirí súil ghéar a choinneáil ar a bpaistí sa chás seo, teorann ama a chur i bhfeidhm agus stop a chur leis an obair bhaile nuair a théann an paiste go mór thar ama. Ba cheart dóibh ansin nóta a scríobh chuig an muinteoir nó dul i dteangabháil leis/lei chun an cheist a phlé.

Cuirfidh an múinteoir ranga san áireamh aon obair bhaile atá tugtha ag múinteoir tacaíochta do pháiste agus é/í ag leagan amach obair bhaile don pháiste sin. Ba chóir go dtiocfadh an múinteoir ranga agus an múinteoir tacaíochta ar shocrú dearfach faoin méid agus faoin saghas obair bhaile a bhéadh le déanamh ag páiste.

Cothaíonn obair bhaile ceangal idir an bhaile agus an scoil.

Cé chomh minic a dtugtar obair bhaile?

Go h-iondúil, tugtar obair bhaile do pháistí gach trathnóna ó Luan go Déardaoin.

Seo a leanas an treor maidir leis an méid ama gur cóir do pháistí a bheith ag caitheamh ar obair bhaile gach oíche::

Naí Bheaga/Junior Infants	5-10 Nóiméad
Naí Mhóra/Senior Infants	10-15 Nóiméad
Rang a hAon/First Class	15-20 Nóiméad
Rang a Dó/Second Class	20-30 Nóiméad
Rang a Trí/Third Class	30-40 Nóiméad
Rang a Ceathair/Fourth Class	40-50 Nóiméad
Rang a Cúig/Fifth Class	50 Nóiméad -1 Uair 10 Nóiméad
Rang a Sé/Sixth Class	1 Uair-1 Uair 20 Nóiméad

Ni thugtar léitheoireacht san áireamh anseo de bharr í a bheith ina caitheamh aimsire taithneamhach chomh maith maraon le hobair bhaile. Ní thugtar obair thionscnaimh san áireamh ach oiread mar go dtugtar dóthain ama do pháistí an obair seo a dhéanamh idir an scoil agus an baile.

Cén sort oibre a bheidh i gceist?

Ba chóir go mbeadh meascán cothrom oibre i gceist idir léitheoireacht, scríbhneoireacht, matamaitic agus staidéar nó foghlaim. Caithfear a rá gur ionann tábhacht na léitheoireachta agus tábhacht na scríbhneoireachta.

Seo a leanas sampla den chineáil oibre a bheidh i gceist:

- Léitheoireacht Ghaeilge agus Béarla
- Cleachtaí scríofa
- Litriú Gaeilge agus Béarla
- Staidéar ar Stair, Tír Eolaíocht, Eolaíocht nó Teagasc Críostaí
- Cleachtaí Matamaitice
- Tablaí
- Filíocht Gaeilge agus Béarla
- Tarraingt nó dathú pictiúirí
- Meaitseáil.

Tuismitheoirí agus Obair Bhaile.

Moltar do thuismitheoirí pairt gníomhach a ghlacadh in oideachas a bpáistí agus súil ghéar a choinneáil orthu agus iad ag tabhairt faoi obair bhaile.

Ba cheart áit chiúin oibre a chur ar fáil don pháiste agus é/í ag déanamh obair bhaile. Moltar gan an teilifís a bheith ar siúl ná aon duine eile a bheith ag cur isteach air/uirthi le linn an ama seo.

Ba cheart go ndéanfadh an páiste an obair bhaile chómh luath agus is féidir i ndiaidh teacht abhaile on scoil. Ní chóir go mbeadh páiste ag déanamh obair bhaile díreach roimh dul a chodladh ná ar maidin.

Is féidir le tuismitheoir lamh chúnata agus comhairle a thabhairt don pháiste, go háirithe ó thaobh cursaí léitheoireachta de, ach moltar dóibh gan an obair a dhéanamh do na páistí. Má tá deacrachtaí ag an bpáiste, ba chóir go gcuirfí é seo in iúl don mhúinteoir ranga.

Ó thaobh na matamaitice de, moltar do thuismitheoirí módhanna na scoile a leanúint seachas a bheith ag iarraidh bealaigh eile a mhúineadh don pháiste.

Ba cheart do thuismitheoirí feachaint chuige chuile oíche go bhfuil an obair bhaile déanta ag an bpaiste agus an leabhar obair bhaile a shíniú dá mbeadh sé seo ag teastáil ón múinteoir ranga.

Nuair nach mbíonn obair bhaile déanta ag páiste
I gcás nach bhfuil obair bhaile déanta ag páiste, is féidir leis an muinteoir é/í a chur ag obair ar feadh cuid d'am lóin. Tabharfar seans don pháiste a lón a ithe i dtus baire.

Is féidir leis an múinteoir aon obair bhaile nach bhfuil déanta ar chor ar bith nó nach bhfuil déanta i gceart a thabhairt do pháiste don chéad trathnóna eile.

I gcás páiste ag teacht ar scoil go minic gan obair bhaile a bheith déanta aige/aici, cuirfidh an múinteoir ranga e seo in iúl don phríomhoide agus rachfar i dteangamháil le tuismitheoirí an pháiste sin chun cursaí a phlé.

Nuair a shocraíonn tuismitheoirí an pháiste nach féidir le páiste obair bhaile a dhéanamh de bhárr a bheith tinn nó a bheith imithe as baile nó a leithéid, ba cheart dóibh nóta a chur chuig an múinteoir ranga ag miniu cén fáth nach ndearna an páiste an obair bhaile. Glacfar leis an leithséal agus ní chuirfear aon phionós ar an bpáiste.

Ceartucáin

Féachann múinteoirí chuige go bhfuil obair bhaile déanta ag na páistí chuile lá.
Braitheann an módh ceartucháin ar an gcineail oibre nó ar an ábhar atá i gceist.

Úsáidtear na módhanna ceartucháin seo a leanas:

Ceartúchán ranga

Ceartúchán an mhuinteora

Páistí ag ceartú obair a chéile i ngrúpaí nó i mbeirteanna

Páiste ag ceartú a c(h)uid oibre féin faoi stiúr an mhúinteora.